AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.2.2024
COM(2024) 72 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le héifeachtaí Threoir 2014/55/AE ar an Margadh Inmheánach agus maidir le glacadh sonrasctha leictreonaigh sa soláthar poiblí

{SWD(2024) 39 final} - {SWD(2024) 40 final}

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le héifeachtaí Threoir 2014/55/AE ar an Margadh Inmheánach agus maidir le glacadh sonrasctha leictreonaigh sa soláthar poiblí

RÉAMHRÁ

Déantar anailís sa tuarascáil seo ar thionchar Threoir 2014/55/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le sonrascadh leictreonach sa soláthar poiblí ar an Margadh Inmheánach agus maidir le glacadh ríomhshonrasctha san Aontas Eorpach. Tógtar é sin go háirithe ar thorthaí na meastóireachta ar an reachtaíocht sin arna déanamh ag an gCoimisiún Eorpach (an 'Coimisiún')[1].

Leis an Treoir maidir le sonrascadh leictreonach sa soláthar poiblí (an 'Treoir')[2], díríodh ar fheabhas a chur ar fheidhmiú an Mhargaidh Inmheánaigh trí na rialacha maidir le sonrascadh leictreonach san earnáil phoiblí san Aontas Eorpach a chomhchuibhiú, chomh maith le laghdú a dhéanamh ar na bacainní ar sholáthar poiblí trasteorann arb é idir-inoibritheacht neamhleor i measc ceanglais agus córais dhlíthiúla náisiúnta maidir le ríomhshonrascadh is cúis leo. Ina theannta sin, ba é b'aidhm leis an Treoir freisin a áirithiú go nglacfaí ríomhshonrascadh go forleathan ar bhealach comhchuibhithe trí úsáid a bhaint as caighdeán coiteann, an caighdeán Eorpach i ndáil ríomhshonrascadh, caighdeán a bhí ríthábhachtach maidir le cuspóirí na Treorach a bhaint amach.

Rinne an Coimisiún gníomhaíochtaí bailithe sonraí agus comhairliúcháin le catagóirí éagsúla páirtithe leasmhara. Tá staidéar seachtrach coimisiúnaithe aige freisin chun anailís a dhéanamh ar chur chun feidhme na Treorach agus chun meastóireacht a dhéanamh ar a feidhmiú. Bunaithe ar na gníomhaíochtaí sin, rinneadh an mheastóireacht ar an Treoir in 2023. Bailíodh sonraí ó fhoinsí tánaisteacha, lena n-áirítear sonraí staidrimh, doiciméid reachtacha, tuarascálacha agus staidéir, agus rinneadh anailís orthu. I measc an taighde allamuigh bhí Glao ar Fhianaise agus gníomhaíochtaí comhairliúcháin spriocdhírithe i bhfoirmeacha suirbhéanna agus agallamh le grúpaí páirtithe leasmhara éagsúla, lena n-áirítear údaráis náisiúnta, Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna), fiontair mhóra, soláthraithe seirbhíse agus réitigh ríomhshonrasctha, díoltóirí na Pleanála Acmhainní Fiontraíochta[3] (ERP), agus príomh-chomhlachais ghairmiúla atá gníomhach san earnáil seo, mar atá OpenPeppol agus an Comhlachas Líonra Malartaithe Domhanda (GENA), iar-Chomhlachas Eorpach um Sholáthraithe Seirbhíse Ríomhshonrasctha (EESPA). Forbraíodh cás-staidéir lena gcumhdaítear tíortha sampláilte freisin agus úsáideadh iad mar fhoinsí faisnéise.

Tá an t-athbhreithniú sin i gcomhréir le hAirteagal 12 den Treoir lena gceanglaítear ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar a thionchar ar an Margadh Inmheánach agus ar shonrascadh leictreonach a ghlacadh sa soláthar poiblí laistigh de thrí bliana ón spriocdháta le haghaidh thrasuí na n-údarás fo-lárnach, a socraíodh i mí Aibreáin 2020.

[1] Doiciméad Inmheánach Oibre (2024)39

[2] Treoir 2014/55/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le sonrascadh leictreonach sa soláthar poiblí, IO L 133, 6.5.2014.https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32014L0055

[3] Is bogearraí bainistíochta próiseas gnó é Pleanáil Acmhainní Fiontraíochtaí trínar féidir le heagraíocht córas feidhmchlár comhtháite a úsáid chun an gnó a bhainistiú agus go leor feidhmeanna cúloifige a uathoibriú mar atá soláthar, táirgeadh, teicneolaíocht, seirbhísí cuntasaíochta agus tacaíochta, agus acmhainní daonna.

COMHTHÉACS AGUS CÚLRA NA TUARASCÁLA

Tá an Treoir ina cuid den obair leantach ar straitéis 2012 an Choimisiúin maidir le ríomhsholáthar[4], a bhí dírithe ar sholáthar poiblí a nuachóiriú agus ar dhigitiú an riaracháin phoiblí a chothú laistigh den Aontas.

Sa Chlár Oibre Digiteach don Eoraip 2010[5], d'aithin an Coimisiún an fhéidearthacht maidir le sonrascadh leictreonach mar phríomhchumasóir don gheilleagar digiteach agus mar bhealach chun an Margadh Aonair Digiteach a chur chun cinn. In 2010, cuireadh beartas an Aontais maidir le ríomhshonrascadh chun cinn leis an Teachtaireacht 'Reaping the benefits of e-invoicing for Europe' [Ag baint tairbhe as ríomhshonrascadh don Eoraip][6], ag moladh go nglacfaí é agus go bhforbrófaí caighdeán. Dhá bhliain ina dhiaidh sin, áfach, ní raibh athrú suntasach tagtha ar thírdhreach an Aontais Eorpaigh maidir le sonrascadh sa soláthar poiblí. Dá bhrí sin, i rún i mí Aibreáin 2012, d'iarr Parlaimint na hEorpa go ndéanfaí ríomhshonrascadh éigeantach sa soláthar poiblí faoi 2016, agus d'iarr na Ballstáit bearta chun ríomhshonrascadh a chur chun cinn ag an gComhairle Iomaíochais Neamhfhoirmiúil i mí Feabhra 2012 agus sna Conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí an Mheithimh 2012[7].

D'eascair Measúnú Tionchair 2013 as sin, a bhí ag gabháil leis an togra don Treoir, ina ndearnadh iniúchadh ar na héifeachtaí a bhaineann le glacadh ríomhshonrasctha agus idir-inoibritheacht sa soláthar poiblí a chur chun cinn. An tráth sin, b'ionann ríomhshonrascadh agus 4-15 % de nósanna imeachta sonrasctha san Aontas agus cuireadh dúshláin ar leith leis roimh fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus roimh fhiontair mhóra, mar gheall ar easpa idir-inoibritheachta.

tá ríomhshonrascadh san earnáil phríobháideach á chur chun feidhme ó bhí na 1980í ann trí na córais um Idirmhalartú Sonraí Leictreonacha (EDI) chun cumarsáid leictreonach idir comhpháirtithe trádála a chaighdeánú. D'úsáidtí EDI den chuid ba mhó i dtionscail mar atá tionscal na ngluaisteán, an mhiondíola, agus na lóistíochta. Ó 2005 i leith, tá sainordú á thabhairt ag roinnt Ballstát go mbainfear úsáid as formáidí ríomhshonrasctha náisiúnta sonracha agus ceanglais dhlíthiúla do sholáthróirí na hearnála poiblí. Ní raibh na formáidí sin idir-inoibritheach agus cuireadh iallach ar sholáthróirí leo rialacha éagsúla a chomhlíonadh agus iad ag trádáil thar theorainneacha.

Ó bhí 2007 ann, tá tacaíocht á tabhairt ag an Aontas Eorpach i gcomhair tionscadal arb é is aidhm dóibh próisis soláthair phoiblí a chomhchuibhiú, lena n-áirítear, i measc nithe eile, ríomhshonrascadh. In 2008, thionscain 18 ngníomhaireacht rialtais in 11 Bhallstát an tionscadal um Sholáthar Poiblí Uile-Eorpach (Peppol) arna mhaoiniú ag an Aontas chun ríomhsholáthar thar theorainneacha a éascú, ag tógáil ar obair an Choiste Eorpaigh um Chaighdeánú (CEN). Soláthraíodh leis sraith sonraíochtaí teicniúla is féidir a chur chun feidhme i réitigh ríomhsholáthair atá ann cheana chun go mbeadh siad idir-inoibritheach, agus rinneadh líonra Pointí Rochtana le haghaidh sonraisc leictreonacha agus doiciméid eile a mhalartú de. In 2012, bhunaigh grúpa Ballstát an Comhlachas OpenPeppol chun inbhuanaitheacht thorthaí an

[4] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Straitéis maidir le ríomhsholáthar. https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/ALL/?uri=COM:2012:0179:FIN

[5] COM(2010)245 final, Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Clár Oibre Digiteach don Eoraip, 19.5.2010. https://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=COM:2010:0245:FIN:EN:PDF

[6] COM (2010) 712, Teachtaireacht deiridh ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, 'Reaping the benefits of electronic invoicing for Europe' [Ag baint tairbhe as sonrascadh leictreonach don Eoraip], </g>2.12.2010. https://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=COM:2010:0712:FIN:en:PDF

[7] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-76-2012-INIT/en/pdf

tionscadail a áirithiú. Ó shin i leith, tá leathnú suntasach tagtha ar a pobal ball agus ar[8].

AN TREOIR A THRASUÍ AGUS A CHUR CHUN FEIDHME

Glacadh an Treoir i mí Aibreáin 2014, agus é mar chuspóir ginearálta léi feabhas a chur ar fheidhmiú an Mhargaidh Inmheánaigh trí na bacainní ar sholáthar poiblí trasteorann arb é idir-inoibritheacht neamhleor i measc ceanglais agus caighdeáin dhlíthiúla náisiúnta maidir le ríomhshonrascadh is cúis leo a laghdú.

Chomh maith leis an gcuspóir ginearálta sin, bhí dhá chuspóir shonracha leis an Treoir: (i) castacht a laghdú agus feabhas a chur ar shoiléireacht agus ar dheimhneacht dhlíthiúil d'oibreoirí eacnamaíocha trína chur ar chumas gnólachtaí sonraisc a sheoladh i gcaighdeáin a raibh siad eolach fúthu agus a mbeadh glacadh forleathan leo; (ii) costais oibriúcháin d'oibreoirí eacnamaíocha atá rannpháirteach i soláthar poiblí trasteorann a laghdú, mar atá an costas a bhaineann le tacú leis an iliomad caighdeáin agus córais ríomhshonrascála.

Ar deireadh, ba é ba chuspóir oibríochtúil don Treoir na coinníollacha a chruthú maidir le teacht chun cinn réiteach teicniúil le haghaidh ríomhshonrascadh sa soláthar poiblí, lena n-áiritheofaí idir-inoibritheacht trasteorann, ionas nach mbeadh an chumarsáid agus an mhapáil idir córais ríomhshonrasctha chomh dian céanna ar acmhainní, rud a chuirfeadh ar chumas ceannaitheoirí agus díoltóirí sonraisc sa soláthar poiblí a mhalartú ar an gcostas is ísle agus go mbeadh an chastacht is lú agus is féidir ag baint leo.

Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, i gcomhréir le hAirteagal 3 den Treoir, thug an Coimisiún sainordú ar an gcéad dul síos caighdeán Eorpach a fhorbairt do shamhail shéimeantach sonraí le haghaidh sonrasc leictreonach, arb é atá ann go cuí ábhar sonraisc, liosta na ngnéithe nó na dtéarmaí is gá a chur san áireamh (caighdeán Eorpach i ndáil le ríomhshonrascadh nó caighdeán Eorpach)[9]. Ar an dara dul síos, d'éiligh sé go sainaithneofaí líon teoranta comhréireanna (formáid nó teanga) a chloíonn leis an gcaighdeán Eorpach. Dearadh an caighdeán sin freisin chun tacú le reachtaíocht an Aontais maidir le Cáin Bhreisluacha (CBL). Cuireadh an fhreagracht as an gcaighdeán a chruthú faoi chúram an Choiste Eorpaigh um Chaighdeánú (CEN). D'iarr an Coimisiún ar CEN treoirlínte maidir le hidir-inoibritheacht tarchurtha a dhréachtú[10], fiú mura raibh na treoirlínte sin ceangailteach ar údaráis chonarthacha ná ar eintitis chonarthacha. Gabhann sraith táirgí insoláthartha coimhdeacha arna bhfoilsiú ag CEN leis an gcaighdeán go comhuaineach.

Chun glacadh ríomhshonrasctha sa soláthar poiblí san Aontas a spreagadh, ceanglaíodh le hAirteagal 7 den Treoir ar gach riarachán poiblí san Eoraip sonraisc leictreonacha a eisíodh mar thoradh ar chomhlíonadh conarthaí a bhfuil feidhm ag Treoracha an Aontais maidir le Soláthar Poiblí maidir leo a fháil agus a phróiseáil (Treoir 2009/81/EC[11], Treoir 2014/23/EU[12], Treoir

[8] https://peppol.org/

[9] Ba é CEN a d'fhorbair an caighdeán Eorpach maidir le ríomhshonrascadh agus ba é Coimisiún Eorpach a d'fhoilsigh é, Sainitear leis na croíthéarmaí gnó maidir le sonrasc leictreonach i samhail shéimeantach sonraí.https://ec.europa.eu/digital-building-blocks/wikis/display/DIGITAL/Compliance+with+eInvoicing+standard

[10] Tugtar aghaidh leis an gcaighdeán Eorpach maidir le ríomhshonrascadh ar an bhfadhh maidir leis na ríomhshonraisc a tharchur le tuarascáil treoirlínte. Tacaíonn na treoirlínte le feidhmeoirí réitigh tarchurtha a roghnú agus a dhearadh. https://ec.europa.eu/digital-building-blocks/wikis/display/DIGITAL/Navigating+the+eInvoicing+standard+documentation

[11] Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí áirithe oibreacha, conarthaí soláthair agus conarthaí seirbhíse ag údaráis chonarthacha nó ag eintitis i réimsí na cosanta agus na slándála a chomhordú, agus lena leasaítear Treoracha 2004/17/CE agus 2004/18/CE (Téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 216, 20.8.2009, lch. 76–136.

[12] Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain Téacs atá ábhartha maidir le LEE, IO L 94, 28.3.2014, lch. 1–64.

2014/24/EU[13] agus Treoir 2014/25/EU[14]), má chomhlíonann an sonrasc leictreonach an caighdeán Eorpach.

Bhí go dtí mí Aibreáin 2019 ag na húdaráis lárnacha forálacha na Treorach a chomhlíonadh, agus bhí go dtí mí Aibreáin 2020 ag na húdaráis fho-lárnacha sna Ballstáit sin a roghnaigh an síneadh bliana d'údaráis chonarthacha fho-lárnacha ina ndlí náisiúnta um thrasuí.

Go dtí mí Iúil 2023, rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le ríomhshonrascadh a ghlacadh laistigh den Aontas Eorpach. Tá an Treoir trasuite i ndlíthe náisiúnta ag gach Ballstát. Tá reachtaíocht curtha chun feidhme ag seacht gcinn déag as 27 mBallstát a fhágann go bhfuil sé éigeantach do sholáthróirí ríomhshonraisc a eisiúint chuig an earnáil phoiblí, go hiomlán i 13 acu agus go páirteach amháin i gceithre Bhallstát. Tá an oibleagáid forchurtha ag cuid acu siúd ar sholáthróirí díreach tráth thrasuí na Treorach. Ina theannta sin, tá síneadh curtha ag naoi mBallstát le ríomhshonrascadh le haghaidh conarthaí soláthair phoiblí atá faoi bhun thairseacha an Aontais.

TEACHT CHUN CINN RÍOMHSHONRASCTHA FAOI LÁTHAIR

A bhuí le teacht chun cinn tionscnamh beartais nua de chuid an Aontais, go háirithe na tograí reachtacha 'CBL sa ré dhigiteach' (ViDA)[15], athmhúnlófar an tírdhreach Eorpach maidir le ríomhshonrascadh sna blianta amach romhainn. An 8 Nollaig 2022, chuir an Coimisiún sraith tograí chun tosaigh chun córas CBL an Aontais a nuachóiriú agus a fheabhsú. Is é is aidhm don athchóiriú sin raon feidhme bheartas an Aontais a leathnú chun idirbhearta Gnólacht le Gnólacht (B2B) a chumhdach trí thuairisciú digiteach 'neas-fhíorama' a chur chun feidhme le haghaidh CBL ar idirbhearta trasteorann an Aontais bunaithe ar ríomhshonrascadh agus tríd an gcóras réamhshocraithe a dhéanamh chun sonraisc a eisiúint faoi mhí Eanáir 2028. Ina theannta sin, treisítear an Margadh Inmheánach le tionscnamh ViDA toisc go n-áirithítear leis ailíniú níos fearr i measc na gcóras náisiúnta ar fud an Aontais: níor mhór glacadh leis an gCaighdeán Eorpach a ráthú i ngach córas náisiúnta i ndáil le ríomhshonrascadh. Ar deireadh, cuirtear deis i láthair le ViDA chun comhtháthú digiteach a chothú i measc gnólachtaí laistigh den Mhargadh Aonair Digiteach, chun caighdeánú ríomhshonrasctha a threisiú agus chun nuálaíocht a spreagadh.

Tá baint ag teacht chun cinn tábhachtach eile maidir le ríomhshonrascadh le tionchar an chaighdeáin Eorpaigh i ndáil le ríomhshonrascadh atá ag méadú ar an leibhéal idirnáisiúnta. Chun iomaíochas na ngnólachtaí Eorpacha a chothú agus chun seasamh an Aontais mar cheannaire domhanda sa chaighdeánú a neartú, tá samhail an Aontais á chur chun cinn chun go gníomhach ag an gCoimisiún bunaithe ar na sonraíochtaí maidir leis an gCaighdeán Eorpach agus maidir le Peppol. Faoi láthair, tá a sonraíochtaí náisiúnta maidir le ríomhshonrascadh bunaithe ag tíortha nach tíortha de chuid an Aontais iad, mar atá an Astráil, an tSeapáin, an Mhalaeisia, an Nua-Shéalainn agus Singeapór, ar an gcaighdeán Eorpach mar shíneadh agus tá suim ghníomhach acu i Samhail Idirnáisiúnta Sonraisc Peppol (PINT)[16], atá i bhfeidhm ó mhí Iúil 2023, lena ndéantar an caighdeán Eorpach a ghinearálú ar bhealach córasach, lena n-éascaítear malartú idir-inoibritheach sonrasc ar fud Líonra Peppol go hidirnáisiúnta.

[13] Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE, IO L 94, 28.3.2014.
[14] Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar ag eintitis a fheidhmíonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist, agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/EC, IO L 94, 28.3.2014, lch. 243–374.
[15] https://taxation-customs.ec.europa.eu/taxation-1/value-added-tax-vat/vat-digital-age_en
[16] Is é PINT an tsonraíocht a chuireann billeáil BIS Peppol i bhfeidhm lena húsáid san Eoraip. Tugtar tuairisc leis ar úsáid na dteachtaireachtaí sonraisc agus nótaí creidmheasa in Peppol, agus éascaítear leis cur chun feidhme éifeachtach an chomhoibrithe leictreonaigh agus úsáid mhéadaithe as. https://test-docs.peppol.eu/pint/pint-eu/pint-eu/bis/

Úsáideann tíortha agus réigiúin eile PINT mar thagairt, á chur in oiriúint dá riachtanais shonracha. Leis an gcomhar maidir le ríomhshonrascadh le tíortha comhpháirtíochta an Aontais, tugtar an deis na hinfheistíochtaí agus an cur chun feidhme atá déanta cheana ag cuideachtaí an Aontais a uasmhéadú agus costais trádála a íoslaghdú trí idir-inoibritheacht maidir le ríomhshonrascadh a chothú ar fud na réigiún.

Ar deireadh, tá todhchaí na ríomhshonrascadh á múnlú le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus le cuir chuige nuálacha. Maidir le hEoraip níos glaise, d'fhéadfadh tuairisciú astaíochtaí éirí níos beaichte, agus astaíochtaí á ríomh agus á nochtadh ar leibhéal na n-ítimí líne laistigh de shonraisc leictreonacha, rud a chuirfeadh feabhas ar chuntasacht chomhshaoil. Chun críocha cánach, tuairisceáin CBL Digiteach réamhlíonta ag baint úsáid as sonraí ó ríomhshonraisc chun comhlíonadh a chuíchóiriú do ghnólachtaí. Le ríomhanna cánach tuarthacha, arna gcumhachtú le hIntleacht Shaorga (IS), d'fhéadfaí achur ar chumas gnólachtaí agus daoine aonair méideanna cánach a thuar. Chun calaois a chomhrac, úsáidtear anailís shéimeantach bunaithe ar IS, ar mheaisínfhoghlaim, agus ar mhianadóireacht sonraí ó shonraisc leictreonacha struchtúrtha chun feabhas a chur ar fhaireachán agus ar chruinneas. Is é is aidhm don Gheilleagar Fíor-Ama malartú faisnéise fíor-ama a éascú agus chun na críche sin, d'fhéadfaí sonraí ó shonraisc leictreonacha a úsáid mar an tacar sonraí is cruinne maidir le hidirbheart gnó, rud a laghdódh ualaí riaracháin. Ina theannta sin, le maoiniú sonrasc le cuidiú blocshlabhra, agus méarlorg digiteach uathúil á chruthú le haghaidh gach sonraisc, tugtar aghaidh ar an mbaol go ndéanfar maoiniú sonrasc thar theorainneacha faoi dhó. Ar deireadh, athmhúnlaítear leis an dul chun cinn sin an ríomhshonrascadh agus tá sé de dhualgas ar an Aontas agus ar na Ballstáit an comhchuspóir a bhaint amach maidir leis na coinníollacha is fabhraí chun an nuálaíocht sin a fhorbairt san Aontas a chruthú.

PRÍOMHTHORTHAÍ ÓN ANAILÍS AR CHUR CHUN FEIDHME NA TREORACH MAIDIR LE RÍOMHSHONRASCADH

Déantar athbhreithniú sa tuarascáil reatha, mar a cheanglaítear le hAirteagal 12 den Treoir, ar thionchar na Treorach ar an Margadh Inmheánach, agus scrúdaítear leis an glacadh ríomhshonrasctha san Eoraip, ag tosú le torthaí chleachtadh na Meastóireachta 2023. Chun measúnú a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht agus ar an tionchar, díríodh san anailís ar chur chun feidhme na Treorach agus an méid a baineadh amach léi idir 2014 agus 2022, ag féachaint go géar ar an tréimhse i ndiaidh an trasuí d'údaráis lárnacha i mí Aibreáin 2019, agus fios acu gurbh é Aibreán 2020 an spriocdháta deiridh don chur chun feidhme d'údaráis fho-lárnacha.

Tá na torthaí agus na conclúidí bunaithe ar thorthaí na meastóireachta ar an Treoir a rinne an Coimisiún in 2023 roimh an Tuarascáil. I gcomhréir leis na prionsabail maidir le Rialáil Níos Fearr, scrúdaíodh leis an meastóireacht sin feidhmíocht na Treorach de réir cúig chritéar meastóireachta: ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht, comhleanúnachas, agus breisluach AE. Féachadh inti ar an méid seo a leanas: Na dúshláin don Mhargadh Inmheánach maidir le ríomhshonrascadh, tionchar na Treorach ar an Margadh Inmheánach agus glacadh chomh maith le príomhchatagóirí na bpáirtithe leasmhara, breisluach na Treorach agus comhleanúnachas bheartas ríomhshonrascadh an Aontais le beartais eile an Aontais.

Dúshláin don Mhargadh Inmheánach: san am atá caite agus san am i láthair

Tá an Treoir fós ábhartha sa lá atá inniu ann toisc go bhfuil na dúshláin lena spreagadh a glacadh in 2014 fós ann agus tá bacainní á gcruthú leo fós ar fheidhmiú an Mhargaidh Inmheánaigh. Ina theannta sin, tá dúshláin agus forbairtí nua tagtha chun cinn ó glacadh í, as ar eascair an tuairim dhearfach choiteann atá ann faoi láthair i measc na n-údarás náisiúnta ó 18 mBallstát as 27

mBallstát faoi ábharthacht leanúnach na Treorach[17].

Na dúshláin a sainaithníodh in 2014, tá siad fós ábhartha inniu féin: baineann siad leis an leibhéal glactha maidir le ríomhshonrascadh san Eoraip agus le hidir-inoibritheacht na gcóras TF maidir le sonrascadh leictreonach. Maidir le glacadh ríomhshonrasctha sa soláthar poiblí, is fiú a thabhairt faoi deara, cé go bhfuil na cumais chun sonraisc leictreonacha a fháil ann go pointe áirithe, go dtugtar glacadh suntasach faoi deara den chuid is mó, ar an gcéad dul síos, i dtíortha a chuir de cheangal ar sholáthróirí gan ach sonraisc leictreonacha a sheoladh chuig údaráis phoiblí agus, ar an dara dul síos, i mBallstáit atá aibí go digiteach. Go sonrach, tuairiscíonn 17 mBallstát, a thug oibleagáidí soláthróirí isteach go hiomlán (13 Bhallstát) nó go páirteach (4 Bhallstát), glacadh 100 % maidir le ríomhshonrascadh sa soláthar poiblí nó an t-ionchas go mbainfear an sprioc sin amach faoi dheireadh na bliana nó faoi 2024. Os a choinne sin, i mBallstáit eile, is gnách go mbíonn an glacadh íseal, seachas i gcás tíortha atá chun cinn go digiteach, mar atá an Eastóin, an Fhionlainn agus an tSualainn. Na tíortha sin atá ullmhaithe le reachtaíocht agus chumais forbartha i ndáil le ríomhshonrascadh, léiríonn siad ardleibhéil ghlactha. Is gnách go mbíonn glacadh ard freisin i gcás, fiú mura bhfuil sé sainordaithe leis an dlí, ina bhfuil cead riaracháin ann d'údaráis phoiblí ríomhshonrascadh i dtairiscintí a éileamh, arb ionann é sin go bunúsach agus 'sainordú de réir cleachtais'.

Tá sé tábhachtach go gcuirfí i dtábhacht nach gá go mbeadh glacadh ríomhshonrasctha ag teacht le glacadh an chaighdeáin Eorpaigh i ndáil le ríomhshonrascadh. D'áirithigh roinnt Ballstát glacadh ríomhshonrasctha sa soláthar poiblí trí oibleagáidí a fhorchur ar sholáthróirí, gan úsáid an chaighdeáin Eorpaigh a éileamh go comhuaineach. Dá bhrí sin, tá glacadh an Chaighdeáin Eorpaigh fós níos ísle, toisc go mbraitheann sé ar rogha dheonach na soláthróirí. I mBallstáit a raibh córais acu cheana roimh ghlacadh an chaighdeáin Eorpaigh, is gnách go n-úsáidtear an caighdeán náisiúnta iontu.

Sa chomhthéacs sin, chun an Margadh Inmheánach le haghaidh ríomhshonrasctha a chomhdhlúthú, bheadh sé ina chuidiú úsáid an chaighdeáin Eorpaigh i ndáil le ríomhshonrascadh a uasmhéadú chun ualaí riaracháin ar chuideachtaí a laghdú. Trí chaighdeán aonair i ndáil le ríomhshonrascadh a ghlacadh aonair ar fud na mBallstát go léir, dhéanfaí próisis agus nósanna imeachta sonrasctha san Eoraip a chuíchóiriú, rud a shimplíonn sonrascadh do riaracháin phoiblí agus dá gcomhpháirtithe gnó. Tacófar tuilleadh leis an simpliú sin trí chur i bhfeidhm an chaighdeáin chéanna maidir le tuairisciú CBL, mar a thuar ViDA. Ar deireadh, ní hamháin go n-éascaítear le húsáid an chaighdeáin Eorpaigh i ndáil le ríomhshonrascadh comhdhlúthú an Mhargaidh Inmheánaigh le haghaidh ríomhshonrasctha ach cuireann sé freisin le laghdú na gcostas a bhaineann le hidirbhearta trasteorann d'oibreoirí eacnamaíocha.

Ar an dara dul síos, tá dúshlán na hidir-inoibritheachta fós ann, toisc nár tugadh aghaidh leis an Treoir ar na ceithre leibhéal idir-inoibritheachta go léir, mar a shainítear sa Chreat Eorpach Idir-inoibritheachta, lena n-áirítear tarchur agus rialachas. Cé gur sainaithníodh idir-inoibritheacht ar an leibhéal séimeantach agus comhréire mar dhúshlán nach mór aghaidh a thabhairt air i mbeartas an Aontais cheana féin in 2014 agus gur tugadh aghaidh air trí chaighdeán Eorpach i ndáil le ríomhshonrascadh a chruthú in 2017, tá tarchur tagtha chun cinn mar cheann de na príomhdhúshláin le linn ríomhshonrascadh a chur chun feidhme. Níor eisigh CEN ach moltaí maidir le tarchur, atá neamhcheangailteach, in éineacht leis an gcaighdeán Eorpach, mar a luaitear in aithrisí na Treorach. Mar sin féin, d'fhéadfadh an cás sin teacht chun cinn i bhfianaise forbairtí nua bheartas an Aontais maidir le ríomhshonrascadh a bhaineann le tograí reachtacha

[17] Na torthaí ar shuirbhé na nÚdarás Náisiúnta a rinneadh le linn an Staidéir lena n-ullmhaítear an Mheastóireacht, féach SWD(2024)39.

ViDA.

A mhéid a bhaineann le hidir-inoibritheacht in B2B faoi láthair, cuirtear iallach ar ghnólachtaí agus, go háirithe gnólachtaí beaga, gréasáin shonracha ríomhshonrasaithe a gcustaiméirí móra a úsáid. Is líonraí dúnta iad na líonraí sin agus ní idirghníomhaíonn siad lena chéile. Tá iarmhairtí diúltacha aige sin do chuideachtaí beaga nach féidir leo soláthraí ríomhshonrasctha aonair a úsáid chun sonraisc a mhalartú lena gcomhpháirtithe trádála, ina dtír féin agus ina theannta sin ar leibhéal an Aontais. Má chomhaontaítear modhanna agus prótacail choiteanna tarchurtha idir páirtithe (nó má shainordaítear iad de réir an dlí), is féidir an fhadhb sin a shárú go héasca. Ina theannta sin, má tá ardán do B2G curtha i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta, chiallódh sé sin go mbeidh ar chuideachta córas eile fós a úsáid chun ríomhshonraisc a sheoladh chuig an earnáil phoiblí.

Maidir le soláthraithe seirbhíse agus réiteach, a chuireann seirbhísí uile-Eorpacha le haghaidh ríomhshonrascadh bunaithe ar chaighdeán coiteann ar fáil, leis an gcaighdeán Eorpach i ndáil le ríomhshonrascadh, cruthaíodh deiseanna chun teacht ar bhonn custaiméirí ar fud an Aontais. Nuair a fhorchuirtear ceanglais tírshonracha orthu, áfach, mar atá uimhir CBL a chlárú, nó scéimeanna deimhniúcháin déine, lena ngintear costais arda infheistíochta, laghdaítear a dtairbhí. Is ann don dúshlán sin sa Ghréig agus sa Fhrainc fós[18]. Thairis sin, tá sé beartaithe ag líon Ballstát atá ag méadú córais náisiúnta deimhniúcháin a thabhairt isteach le haghaidh seirbhísí agus réitigh ríomhshonrasctha lena cruthófar bacainní nua ar an Margadh Inmheánach. Ag an am céanna, is dúshlán eile don ríomhshonrascadh trasteorann é úsáid ríomhshínithe a d'fhorchuir roinnt Ballstát chun barántúlacht agus sláine ríomhshonraí a ráthú. Mar a chruthaítear le córais nach n-úsáideann an modh fíordheimhnithe sin, níor léiríodh go raibh gá le húsáid an cheanglais sin go hiarbhír.

Rinneadh forbairtí nua ó glacadh an Treoir. Go sonrach, forchuirfear le tograí reachtacha ViDA (CBL sa Ré Dhigiteach) go mbeadh ríomhshonrascadh, nuair a ghlacfar é, ag tosú ó mhí Eanáir, ina mhodh réamhshocraithe chun sonraisc a eisiúint. Ciallaíonn sé sin nach mór ríomhshonraí a eisiúint, a tharchur agus a fháil i bhformáid leictreonach struchtúrtha, rud a éascóidh próiseáil uathoibríoch agus leictreonach. Bheadh an rogha ag na Ballstáit ríomhshonrascadh a dhéanamh éigeantach gan maoluithe a iarraidh. Ina theannta sin, ghlacfaí go forleathan leis an gcaighdeán Eorpach i ndáil le ríomhshonrascadh ar fud na mBallstát go léir, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí ríomhshonraí le haghaidh idirbhearta gnólacht le gnólacht (B2B) a tharchur go héasca go díreach idir páirtithe trádála nó trí thairseacha poiblí arna mbunú ag riaracháin chánach.

Ina theannta sin, tá reachtaíocht nua á hullmhú ag roinnt Ballstát faoi láthair chun sainordú a thabhairt maidir le ríomhshonrascadh in idirbhearta B2B, bunaithe ar mhaolú ón Treoir CBL, i gcomhréir le hAirteagal 395 den Treoir sin. Uaireanta, d'fhéadfadh sé go síneann raon feidhme na mbeartas sin chuig B2C freisin, agus i ndáil leis sin, ba cheart a lua go bhfuil obair chaighdeánaithe reatha in CEN: Tá CEN TC434 ag forbairt sonraíochtaí teicniúla le haghaidh ríomhadmháil faoi láthair. Sa chomhthéacs sin, seachnófar le hailíniú idir socruithe agus córais ríomhshonrasctha B2G, B2B agus B2C castacht theicniúil iomarcach agus éiginnteacht dhlíthiúil d'oibreoirí eacnamaíocha, ina dtír féin nó nuaiar a bheidh siad i mbun trádáil trasteorann laistigh den Aontas.

Ar deireadh, tháinig slándáil agus príobháideacht sonraí chun cinn mar dhúshláin le linn na ngníomhaíochtaí comhairliúcháin meastóireachta. Chun dul i ngleic leis an bhfadhb sin, is gnách go n-áirítear i gcomhaontuithe idir soláthraithe seirbhíse agus soláthraithe réiteach clásal

[18] Doiciméad Inmheánach Oibre (2024)39

lena gceanglaítear sonraí cliant a choimirciú agus lena gcuirfear cosc ar a úsáid le haghaidh aon ní eile seachas an méid is gá agus a chomhaontaítear go sainráite. Níl an úsáid as córasach, áfach.

Go hachomair, tá an Treoir fós ábhartha chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a sainaithníodh in 2014, dúshláin atá fós ann. Cruthaíodh dúshláin nua leis na forbairtí is déanaí ar ríomhshonrascadh, áfach, dúshlain nach mór dul i ngleic leo i bhfianaise éifeachtúlacht fheabhsaithe agus chomhchuibhiú na rialacha maidir le ríomhshonrascadh laistigh den Aontas.

Tionchar na Treorach ar an Margadh Inmheánach, glacadh ríomhshonrasctha agus páirtithe leasmhara

Le cur chun feidhme na Treorach agus glacadh an chaighdeáin Eorpaigh i ndáil le ríomhshonrascadh, cuireadh go mór le comhchuibhiú agus le hidir-inoibritheacht sonrasctha leictreonaigh san Eoraip agus lena glacadh, mar a mhínítear thíos. Mar sin féin, bhí an Treoir éifeachtach i bpáirt maidir lena cuspóirí a chomhlíonadh. Is iad an dá chuspóir dhíreacha atá léi (i) fáil réidh le bacainní margaidh agus le bacainní ar thrádáil a eascraíonn as rialacha agus caighdeáin náisiúnta éagsúla a bheith ann agus (ii) idir-inoibritheacht a áirithiú. Agus an dá chuspóir sin á mbaint amach, bhí glacadh an chaighdeáin Eorpaigh i ndáil le ríomhshonrascadh ina phríomhghné.

Maidir leis an gcéad chuspóir, baineadh amach comhchuibhiú rialacha agus caighdeán ríomhshonrasctha san Eoraip go pointe áirithe trí chaighdeán Eorpach a shuí maidir le ríomhshonrascadh arna fhorbairt ag CEN agus arna fhormhuiniú ag an gCoimisiún[19] i mí Dheireadh Fómhair 2017, agus trí na coinníollacha maidir le Margadh Inmheánach sa soláthar poiblí a chruthú. Cuimsítear sa chaighdeán Eorpach i ndáil le ríomhshonrascadh dhá leibhéal idir-inoibritheachta, an leibhéal éimeantach agus an leibhéal comhréire, a sainaithníodh mar dhúshláin maidir le hidir-inoibritheacht laistigh den Aontas in 2014.

Maidir leis an dara cuspóir, forchuireadh oibleagáid leis an Treoir ar na Ballstáit agus ar a n-údaráis phoiblí trína cheangal ar an earnáil phoiblí san Aontas glacadh le ríomhshonraisc arna n-eisiúint le haghaidh conarthaí faoi Threoracha an Aontais maidir le Soláthar Poiblí agus iad a phróiseáil, má chomhlíonann siad an caighdeán Eorpach i ndáil le ríomhshonrascadh. Chun an cuspóir sin a bhaint amach agus, dá bhrí sin, idir-inoibritheacht a áirithiú, ceanglaíodh leis an Treoir ar na Ballstáit córais a bhunú le haghaidh ríomhshonrascadh Gnólacht le Rialtas (B2G) lena n-ionchorpraítear an caighdeán Eorpach i ndáil le ríomhshonrascadh nó a gcórais atá ann cheana a oiriúnú chun glacadh le sonraisc leictreonacha a chomhlíonann an caighdeán. Maidir leis an leibhéal lárnach, tá na cumais i bhfeidhm i 25 Bhallstát agus a n-ardán lárnach náisiúnta fós á fhorbairt ag dhá Bhallstát, an Chipir agus an tSlóvaic. Maidir leis an leibhéal fo-lárnach, ní féidir cur chun feidhme na Treorach a sheiceáil go hiomlán ag an bpointe seo toisc nach bhfuil sásraí chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme ríomhshonrasctha cruthaithe ach ag cúpla Ballstát ina dtíortha. Is Ballstáit iad sin de ghnáth a bhfuil sainordú tugtha acu dá soláthróirí ríomhshonraisc a sheoladh chuig an earnáil phoiblí agus a bhfuil uirlisí faireacháin lárnacha i bhfeidhm acu, mar atá an Fhrainc, an Iodáil agus an Spáinn.

Ba é ceann de na tionchair a rabhthas ag súil leo ar an Margadh Inmheánach glacadh ríomhshonrasctha a mhéadú ar bhealach comhchuibhithe ar fud an Aontais. Maidir le glacadh ríomhshonrasctha go ginearálta, tá méadú thart ar 10.3 % in 2013 go 32.2 % in 2020 tagtha ar

[19] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1870 ón gCoimisiún an 16 Deireadh Fómhair 2017 maidir le foilsiú thagairt an chaighdeáin Eorpaigh maidir le sonrascadh leictreonach agus liosta a chomhréireanna de bhun Threoir 2014/55/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Téacs atá ábhartha maidir le LEE), C/2017/6835, IO L 266, 17.10.2017, lgh. 19-21.

an gcéatadán d'fhiontair an Aontais a sheolann ríomhshonraisc (go ginearálta, ní in B2G amháin), bunaithe ar shuirbhé Eurostat ar chuideachtaí a bhfuil níos mó ná 10 bhfostaí acu. Cé go raibh teorainneacha ag baint leis an anailís maidir le hinfhaighteacht agus comhsheasmhacht sonraí ós rud é nach bhfuil aon oibleagáid tuairiscithe ann do na Ballstáit atá infheidhme faoin Treoir, le staidreamh ó Eurostat[20], taighde deisce agus agallaimh le páirtithe leasmhara, rinneadh na heasnaimh a chúiteamh[21].

Maidir le glacadh sa soláthar poiblí, léiríodh leis anailís gur tháinig méadú go príomha ar ghlacadh ríomhshonrasctha maidir le B2G sna Ballstáit a thug isteach oibleagáid ar sholáthróirí ríomhshonraisc a sheoladh chuig an earnáil phoiblí, rud a léiríonn go bhféadfadh dúshlán a bheith i gceist le glacadh deonach san earnáil phríobháideach. Sa Fhrainc, mar shampla, nuair a tugadh isteach oibleagáid de réir a chéile idir 2017 agus 2020, fuair na húdaráis náisiúnta 34 000 sonrasc leictreonach in 2013 i gcomparáid le 4.3 milliún in 2022 agus fuair na húdaráis fho-láir 66.74 milliún díobh; sa Spáinn, áit ar tugadh an oibleagáid isteach in 2015, léiríodh le sonraí a bailíodh ón ardán náisiúnta méadú ó 884 000 ríomhshonrasc in 2014 go 9.5 milliún in 2017 agus 15.9 milliún in 2022 – ní thagraíonn na sonraí ach don leibhéal lárnach. Mar gheall ar shainordú a thabhairt maidir le ríomhshonrascadh, arb é sin an oibleagáid ar sholáthróirí in B2G (amháin) sonraisc leictreonacha a sheoladh go heisiach chuig a n-údaráis náisiúnta, tá sé cruthaithe go raibh éifeacht ar an ráta ginearálta glactha, lena n-áirítear B2B, toisc go léirítear le sonraí Eurostat gur tháinig méadú suntasach ar an líon fiontar a úsáideann ríomhshonrascadh san Iodáil, sa tSlóivéin agus sa Spáinn i gcomhghaol leis an am a tháinig na hoibleagáidí i bhfeidhm i ngach tír, in 2014 agus 2015 faoi seach, a léiríodh i bhfigiúirí Eurostat 2016.

In éagmais sainordú chun sonraisc leictreonacha a sheoladh (in B2G nó B2B), tá méadú tagtha ar an leibhéal glactha de réir a chéile. De réir an chomhairliúcháin spriocdhírithe ar FBManna, is é an beart is éifeachtúla chun glacadh gnólachtaí atá ag úsáid ERP agus bogearraí cuntasaíochta cheana féin a mhéadú a áirithiú go n-áireofar feidhmiúlacht ríomhshonrasctha sna réitigh sin freisin. Ciallaíonn sé sin gur féidir iad a chumasú láithreach chun ríomhshonrasc a sheoladh agus a ghlacadh ón gcóras atá acu cheana féin gan bheith orthu sonraí a iontráil de láimh, agus rud a áirithíonn uathoibriú. Mhol FBManna é sin cheana i Measúnú Tionchair 2013[22] ar an Treoir, lena léirítear gur toisc ríthábhachtach é maidir le glacadh ríomhshonrasctha ag FBManna. Is é sin an beartas a roghnaigh an Danmhairg, mar shampla, lena nGníomh um Leabharchoimeád le déanaí[23].

Maidir le bunchuspóirí na Treorach a chumhdaítear ina haithrisí agus i measúnú Tionchair 2013, comhlíonadh i bpáirt iad. Is é is aidhm don Treoir an Margadh Inmheánach a chothú trí aghaidh a thabhairt ar idir-inoibritheacht, trí dheimhneacht dhlíthiúil a mhéadú, trí chastacht dhlíthiúil a laghdú, agus trí na costais d'oibreoirí eacnamaíocha a laghdú. Rinneadh sin a chomhlánú trí chuspóir oibríochtúil: na coinníollacha a chruthú maidir le teacht chun cinn réiteach teicniúil le haghaidh ríomhshonrascadh sa soláthar poiblí chun idir-inoibritheacht a áirithiú.

Díríodh an Treoir go príomha ar aghaidh a thabhairt ar dhúshláin idir-inoibritheachta a bhaineann le leibhéil shéimeantacha agus chomhréire, ach níor tugadh aghaidh léi ar na ceithre

[20] Is mionléiriú iad na sonraí a léirítear sa roinn seo ar na tacair sonraí Eurostat seo a leanas: ISOC_EB_ICS.
[21] Doiciméad Inmheánach Oibre (2024)39
[22] SWD(2013) 222 final, Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, Measúnú Tionchar a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sonrascadh leictreonach sa soláthar poiblí, 26.6.2013.https://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=SWD:2013:0222:FIN:EN:PDF
[23] Bille maidir le Gníomh um Leabharchoimeádta na Danmhairge(danishbusinessauthority.dk)
Rith Parlaimint na Danmhairge an Gníomh um Leabharchoimeád an 19 Bealtaine 2022, a luadh ar dtús go dtiocfadh sé i bhfeidhm an 1 Iúil 2022. Tugtar sainordú leis an nGníomh do gach cuideachta de gach méid sonraisc a eisiúint, a ghlacadh, a phróiseáil agus a chartlannú go leictreonach.

shraith idir-inoibritheachta go léir, lena n-áirítear tarchur agus rialachas. Chuaigh forbairt an chaighdeáin Eorpaigh i ndáil le ríomhshonrascadh i ngleic go héifeachtach leis na sraitheanna idir-inoibritheachta séimeantacha agus comhréire. Is é an fhianaise air sin, ó foilsíodh an caighdeán Eorpach i mí Dheireadh Fómhair 2017, gur cothaíodh an Margadh Inmheánach leis an Treoir trí chosc a chur ar fhormáidí náisiúnta nua ríomhshonrasctha a thabhairt isteach don earnáil phoiblí (B2G), agus ar an dóigh sin seachnaíodh ilroinnt bhreise. Tá trí Bhallstát - an Eastóin, an Fhionlainn agus an tSualainn, ag cur an Chaighdeáin Eorpaigh in ionad a gcaighdeáin náisiúnta de réir a chéile. Ní cheadaíonn Ballstáit eile, a rinne úsáid as an gcaighdeán náisiúnta éigeantach sular tugadh isteach an caighdeán Eorpach i ndáil le ríomhshonrascadh, ach an Caighdeán Eorpach a úsáid. Tá sé tábhachtach go gcuirfí i dtábhacht go mór, cé nár tugadh aghaidh ar tharchur agus rialachas leis an Treoir, go hiarbhír, gur áirithíodh idir-inoibritheacht thar theorainneacha trí réitigh Peppol-bhunaithe a chur chun feidhme i 23 Bhallstát. Cothaíodh an Margadh Inmheánach leis an Treoir trí dheimhneacht dhlíthiúil a mhéadú agus trí chastacht theicniúil maidir le ríomhshonrascadh a laghdú: suíodh léi dlí soiléir agus leagadh síos léi an caighdeán Eorpach i ndáil le ríomhshonrascadh mar an comhchaighdeán a dtacóidh earnáil phoiblí iomlán an Aontais leis. Thuairiscigh ceithre Bhallstát déag as an 21 a thug freagairt ar an suirbhé spriocdhírithe go raibh tionchar dearfach ag an idirghabháil ar dheimhneacht dhlíthiúil a mhéadú agus ar chastacht theicniúil[24]. Mheas thart ar 80 % de FBManna sa suirbhé spriocdhírithe go bhfuil na ceanglais dhlíthiúla náisiúnta maidir le ríomhshonrascadh soiléir agus inrochtana agus is mar thoradh den chuid is mó ar thrasuí na Treorach sa dlí náisiúnta atá na ceanglais sin.

Suíodh leis an Treoir, ina hAirteagal 2, an sainmhíniú ar shonrasc leictreonach lena n-áirithítear soiléireacht dhlíthiúil: ciallaíonn ‘sonrasc leictreonach sonrasc a eisíodh, a tarchuireadh agus a fuarthas i bhformáid leictreonach struchtúrtha trínar féidir próiseáil uathoibríoch agus leictreonach a dhéanamh air’. Ní chumhdaítear ach sonraisc struchtúrtha atá oiriúnach le haghaidh uathoibrithe. Leagtar síos leis an Treoir freisin na ceanglais maidir leis an gcaighdeán Eorpach i ndáil le ríomhshonrascadh, lena n-áirítear neodracht theicneolaíoch, comhoiriúnacht le caighdeáin idirnáisiúnta, oiriúnacht d’idirbhearta tráchtála idir fiontair agus tacaíocht do riachtanais FBManna, comhsheasmhacht le forálacha ábhartha Threoir 2006/112/CE[25], etc.

Thairis sin, trí aghaidh a thabhairt ar idir-inoibritheacht ar an leibhéal séimeantach agus comhréire leis an gcaighdeán Eorpach, chuidigh an Treoir tuilleadh le castacht theicniúil a laghdú. Tá sé sin fíor go háirithe maidir le soláthar poiblí, i gcás ina bhfuil an deis ag soláthróirí an caighdeán céanna le haghaidh ríomhshonrasctha a úsáid le haghaidh a nósanna imeachta soláthair phoiblí go léir i raon feidhme sholáthar poiblí an Aontais ina dtír féin agus, níos tábhachtaí fós, i ngach tír eile san Aontas.

Na FBManna a ndearnadh suirbhé orthu sa chomhairliúchán spriocdhírithe le páirtithe leasmhara le haghaidh meastóireachta, féachann a bhformhór (66 %) ar an gcaighdeán Eorpach maidir le ríomhshonrascadh mar bhealach chun trádáil laistigh den Aontas a shimpliú go mór. San Fhionlainn, déantar castacht theicniúil a chúiteamh trí uathoibriú feabhsaithe agus trí cháilíocht sonraí níos airde a sholáthraítear trí úsáid a bhaint as an gcaighdeán Eorpach i ndáil le ríomhshonrascadh a tháinig in ionad na formáide náisiúnta i ndáil le ríomhshonrascadh. A mhéid a bhaineann le castacht theicniúil, áfach, tá dúshláin theicniúla fós ag 41 % de na FBManna a ndearnadh suirbhé orthu agus ríomhshonrascadh á úsáid acu, agus dearbhaíonn na cinn eile nach bhfuil dúshláin ar bith rompu. Áirítear ar na dúshláin sin: Tacaíocht d’fhormáidí iomadúla ríomhshonraithe, cartlannú chun críocha iniúchta, comhtháthú le soláthraithe

[24] SWD(2024)39 .
[25] Treoir 2006/112/EC ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcóras comhchoiteann cánach breisluacha, IO L 347, 11.12.2006.

seirbhíse, ábhair imní maidir le slándáil sonraí agus príobháideacht, idir-inoibritheacht le comhpháirtithe trádála, bonneagar agus nascacht.

Díríodh an Treoir ar aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna idir-inoibritheachta agus ar na coinníollacha a sholáthar maidir le húsáid fhorleathan ríomhshonrasctha i gcomhréir leis an gcaighdeán Eorpach ach níor ceanglaíodh léi ar sholáthróirí é a úsáid. Mar thoradh air sin, ní mór d'fhiontair tacú le formáidí iomadúla sonraisc i mBallstáit ina bhfuil caighdeán náisiúnta ag teastáil le haghaidh idirbhearta B2G agus formáidí eile á n-úsáid acu le haghaidh idirbhearta B2B. Go bunúsach, feidhmíonn an earnáil phoiblí mar cheannaitheoir mór, fhorchuireann a ceanglais ar sholáthraithe.

Maidir leis an gcuspóir sonrach costais oibriúcháin d'oibreoirí eacnamaíocha a laghdú, thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht go mbraitheann sé sin go príomha ar ghlacadh ríomhshonrasctha agus ar a mhais-ghlacadh in dhá ghné: ar an gcéad dul síos, ar phraghsanna na seirbhísí ríomhshonrasctha agus ar an dara dul síos, ar éifeachtaí gréasáin, mar an bhféidearthacht úsáid a bhaint as na seirbhísí sin leis na comhpháirtithe gnó go léir agus le haghaidh go leor feidhmeanna eile maidir le ríomhshonrascadh. Ar lámh amháin, go ginearálta, ní mór do chuideachtaí seirbhísí nó bogearraí ríomhshonraithe a fháil, agus tá na praghsanna ar na seirbhísí ríomhshonrasctha fós réasúnta ard. Léirítear le torthaí na ngníomhaíochtaí comhairliúcháin a dhíríonn ar FBManna go bhfuil an phraghsáil in aghaidh an idirbhirt ríomhshonrasctha idir EUR 0.05 (nuair a bhí táille socraithe EUR 2500 mar chuid den phacáiste) agus EUR 0.30 (nuair a bhí táille bhliantúil EUR 550 mar chuid den phacáiste). Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil difríocht mhór idir samhlacha praghsála nó FBManna, go háirithe dóibh siúd a bhfuil samhlacha sonrasctha an-íseal acu – i gcásanna eisceachtúla, d'fhéadfadh suas le 10 euro a bheith i gceist leis bpraghas in aghaidh an ríomhshonraisc. Braitheann costais oibriúcháin d'oibreoirí eacnamaíocha ar réitigh agus ar sheirbhísí cost-éifeachtúla a bheith ar fáil. Imríonn líon na n-idirbheart ríomhshonrasctha, na bhformáidí a dtacaítear leo, na bprótacal tarchurtha, an líon tíortha ina n-oibríonn na gnólachtaí tionchar orthu toisc go dteastaíonn tacaíocht speisialaithe i ngach Ballstát a bhfuil formáidí agus ceanglais shonracha sainithe ann.

Os a choinne sin, léiríodh leis an suirbhé ar FBManna, fiú nuair a fuair siad na bogearraí/an tseirbhís faoi seach, go mbaineann cuideachta tairbhe iomlán as a hinfheistíocht nuair is féidir léi brabús a dhéanamh as éifeachtaí gréasáin agus sonrascadh leictreonach a úsáid lena comhpháirtithe gnó go léir, ach a mhalairt ar fad atá i gceist. Ina theannta sin, thug cuideachtaí le fios go n-uasmhéadóidís a dtairbhí, i dtéarmaí oibleagáidí tuairiscithe a shimpliú nó a chuíchóiriú freisin, dá mbeidís ábalta ríomhshonrascadh a úsáid le haghaidh tuilleadh feidhmchlár, mar an tuairisciú CBL a tugadh isteach le tograí reachtacha reatha ViDA nó a n-oibleagáidí riaracháin a chomhlíonadh mar atá dearbhú custaim, tuairisciú inbhuanaitheachta, agus nuair a bhíonn próisis eile mar atá orduithe leictreonacha agus comhairle seolta á gcomhtháthú.

Le mais-ghlacadh ríomhshonrasctha, d'fhéadfaí táillí ar sheirbhísí ríomhshonraithe a laghdú, trí iomaíocht a chruthú idir soláthraithe iomadúla seirbhíse agus réiteach i ngach Ballstát agus trí na tairbhí a bhaineann le ríomhshonrascadh a úsáid mar réamhshocrú agus le haghaidh tuilleadh feidhmchlár a uasmhéadú.

A mhéid a bhaineann leis an gcuspóir oibríochtúil na coinníollacha a chruthú maidir le teacht chun cinn réiteach teicniúil le haghaidh ríomhshonrascadh sa soláthar poiblí, baineadh é sin amach ar dhá dhóigh. Ar an gcéad dul síos, cruthaíodh leis an Treoir na coinníollacha go díreach trí oibleagáid a fhorchur ar údaráis phoiblí a chruthaigh córais nó a chuir a gcórais in oiriúint

chun go mbeidís ábalta glacadh leis an gCaighdeán Eorpach, agus mar sin, iad féin a ullmhú leis na cumais le haghaidh ríomhshonrascadh idir-inoibritheach. D'ainneoin an tionchair dhearfaigh, tá dúshláin ann fós. Mar thoradh ar an gcaighdeán Eorpach a chur chun feidhme ar bhealaí éagsúla in ardáin náisiúnta ríomhshonrasctha, tá saincheisteanna comhoiriúnachta ann atá éirithe níos meas mar gheall ar easpa idir-inoibritheachta ar an leibhéal tarchurtha. Tá dúshlán tábhachtach a bhaineann le níos mó ná ardán náisiúnta ríomhshonraithe amháin a bheith faoi shainordú ag an rialtas (ardán do B2G agus ardán eile do B2B) fós i mBallstáit áirithe. Tá dúshláin ag baint le faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí teicniúla agus le ríomhshonrascadh a ghlacadh ar leibhéal an Aontais freisin mar gheall ar ilchineálacht nósanna imeachta agus ceanglas ar fud Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus toisc nach bhfuil aon oibleagáid faireacháin ar na Ballstáit.

Ar an dara dul síos, ó glacadh í, éascaíodh leis an Treoir Peppol a úsáid mar réiteach agus líonra idir-inoibritheach teicniúil le haghaidh ríomhshonrascadh idir tíortha an Aontais agus tugadh spreag léi ina leith sin. Úsáidtear Peppol in 23 Bhallstát a bhfuil sonraíochtaí coiteanna, comhaontuithe dlíthiúla agus samhail rialachais acu.

Ag féachaint ar thionchar na Treorach ar pháirtithe leasmhara, is cosúil gur thabhaigh na catagóirí éagsúla páirtithe leasmhara cineálacha éagsúla costas; údaráis náisiúnta, oibreoirí eacnamaíocha - ar tugadh aghaidh ar leithligh ar sholáthraithe seirbhíse agus réiteach, ar FBManna nó ar chorparáidí móra ina measc Mar sin féin, braitheann iontaofacht na dtorthaí ar infhaighteacht theoranta sonraí. Cuireadh roinnt teorainneacha i láthair san anailís ar éifeachtúlacht na Treorach a bhaineann leis an easpa infhaighteacht sonraí. Ós rud é nach bhfuil aon oibleagáid ar na Ballstáit tuairisciú a dhéanamh ar idirbhearta ríomhshonrasctha, níor sholáthair ach cúpla údarás náisiúnta faisnéis mhionsonraithe, agus sholáthair líon níos lú fós díobh an fhaisnéis sin ar an leibhéal trasteorann. Dá bhrí sin, braitheann an mheastóireacht go príomha ar shonraí a thuairiscíonn páirtithe leasmhara agus ar shonraí a fhoilsítear ar thairseacha na n-údarás náisiúnta.

Maidir le héifeachtúlacht na n-údarás poiblí, léirítear leis an anailís ar na costais agus ar na tairbhí staid an-éagsúil ó Bhallstát go chéile. Áirítear leis na tairbhí éifeachtúlachtaí oibríochtúla, trédhearcacht fheabhsaithe, agus tairbhí comhshaoil. Braitear uathoibriú próisis mar an príomhspreagthach, agus ina dhiaidh sin úsáid an chaighdeáin choitinn, próiseáil níos tapúla, agus níos lú castachta.

Braitheann na costais a bhaineann le cur chun feidhme oibleagáid na Treorach ar údaráis chonarthacha ríomhshonraisc a chomhlíonann an caighdeán Eorpach a fháil agus a phróiseáil den chuid is mó ar leibhéal aibíochta TF na hearnála poiblí: dá airde an aibíocht dhigiteach, is ea is ísle na costais, mar a léiríodh i gcomhairliúchán spriocdhírithe na n-údarás náisiúnta. Bíonn difríochtaí idir na costais a bhaineann go sonrach le cur chun feidhme an chaighdeáin Eorpaigh ag brath ar chaighdeán náisiúnta nó ar shonraíochtaí teicniúla a bheith ann agus ar an gceanglas idir-inoibritheacht a áirithiú leis an gcaighdeán Eorpach i ndáil le ríomhshonrascadh, ach baineann na costais is airde le bunú agus cothabháil an bhonneagair náisiúnta i ndáil le ríomhshonrascadh.

Chun a n-oibleagáidí a eascraíonn as an Treoir a chomhlíonadh, b'éigean do roinnt Ballstát córais nua a chruthú, córais lárnacha náisiúnta i gcásanna áirithe, do ríomhshonrascadh sa soláthar poiblí, lena n-áirithítear go gcumhdófar an cur chun feidhme go hiomlán ar an leibhéal lárnach. Ag an am céanna, chruthaigh siad a gcórais chun tacú leis an gcaighdeán Eorpach. Bhí ar Bhallstáit eile, iad siúd a raibh a leibhéal aibíochta TF níos airde, nó a raibh córas acu le haghaidh ríomhshonrasctha i bhfeidhm, a gcóras/córais a mhodhnú lena áirithiú go raibh siad

ábalta glacadh le sonraisc leictreonacha Eorpacha a chomhlíonann an caighdeán. Tharla sé sin ar leibhéal an lárchórais nó sna socruithe díláraithe; b'éigean gach réiteach ríomhshonrasctha le haghaidh soláthar poiblí a oiriúnú.

Bhí difríochtaí idir na costais a bhaineann le hailíniú leis an gcaighdeán Eorpach, ag brath ar an bhfuil caighdeán náisiúnta ann cheana féin, toisc gur gá é a oiriúnú chun an caighdeán Eorpach a chomhlíonadh. Thabhaigh naoi mBallstát costais lena áirithiú go gcomhlíonann na formáidí náisiúnta atá acu cheana féin an caighdeán Eorpach, agus roghnaigh trí cinn acu (an tSualainn, an Fhionlainn agus an Eastóin) an caighdeán Eorpach a chur in ionad a seanfhormáidí go hiomlán. Tá difríochtaí idir na costais a bhaineann le comhlíonadh an chaighdeáin Eorpaigh i bhformáid náisiúnta a áirithiú in aghaidh an Bhallstáit, idir EUR 250,000 san Fhionlainn agus thart ar EUR 1.5 milliún sa Pholainn agus EUR 2.5 milliún san Iodáil (arna maoiniú go pointe áirithe, i ngach cás, trí thionscadail ríomhshonrasctha teileachumarsáide SCE).

Mar a luadh thuas, baineann na costais is suntasaí le bonneagar náisiúnta ríomhshonrasctha a bhunú agus a chothabháil, lena mbaineann costais bogearraí agus crua-earraí, costais tástála, costais oiliúna agus costais riaracháin de chuid is mó, lena n-áirítear: anailís dlí agus réiteach, poiblíocht, treoracha úsáideoirí, tacaíocht, slándáil, iniúchadh, etc.

Le maoiniú SCE, trí shásra na ndeontas arna mbainistiú ag an Aontas Eorpach, tugadh deis do na Ballstáit a gcostais a chumhdach go páirteach. Fuair ceithre Bhallstát is fiche buiséad dar luach 28.9 milliún le haghaidh breis agus 40 tionscadal le linn chlár teileachumarsáide SCE 2015-2020. Thacaigh na tionscadail sin le lárchóras a chruthú nó le hoiriúnú don chaighdeán Eorpach.

A mhéid a bhaineann leis an anailís éifeachtúlachta d'oibreoirí eacnamaíocha, léirítear le torthaí na ngníomhaíochtaí comhairliúcháin a dhíríonn ar FBManna go bhfuil difríochtaí idir na costais ag brath ar an bpacáiste seirbhíse ríomhshonrasctha a roghnaigh siad agus ar mhéideanna na ríomhshonrasc a láimhseáladh: Cheannaigh 97 % de na FBManna a ndearnadh suirbhé orthu pacáistí ríomhshonrasctha ar chostais bhliantúla sheasta, agus cheannaigh 3 % de na FBManna pacáistí ríomhshonrasctha le costais sheasta agus táillí athraitheacha ag brath ar na méideanna idirbheart. I gcás cuideachtaí, dá ísle an líon sonrasc, is ea is airde na costais.

Tá pacáistí saor in aisce do FBManna a bhfuil feidhmiúlachtaí bunúsacha ríomhshonrasctha leo ar fáil sa chuid is mó de na Ballstáit ar a ndearnadh anailís. Soláthraíonn naoi mBallstát lárchóras saor in aisce chun ríomhshonraisc a sheoladh go díreach chuig comhlachtaí poiblí.

Mar sin féin, de réir SMEUnited, a d'fhreagair don chomhairliúchán spriocdhírithe, tá deacrachtaí ann do FBManna a bhaineann lena méid agus easpa saineolais ar an ábhar. Dá bhrí sin, molann na páirtithe leasmhara sin gur gá úsáid as an oibleagáid ríomhshonrasctha a dhéanamh de réir a chéile chun go bhféadfar na hoibleagáidí a chomhlíonadh sna dálaí is fearr. Ós rud é go meastar go bhfuil ríomhshonrascadh costasach go leor do FBManna, teastaíonn am uathu chun a gcóras cuntasaíochta a oiriúnú.

Thuairiscigh corparáidí ilnáisiúnta a ndearnadh suirbhé orthu sa chomhairliúchán spriocdhírithe le páirtithe leasmhara a bhí mar bhonn faoin meastóireacht ar an Treoir costais shuntasacha arda maidir le ríomhshonrascadh a shuí i mBallstáit éagsúla an Aontais le haghaidh B2G agus B2B araon. Tá na costais sin comhghaolmhar leis an ngá le soláthraithe seirbhíse éagsúla a úsáid chun ceanglais náisiúnta shonracha a chumhdach. Tá difríochtaí móra idir na costais athfhillteacha.

Meastar gurb ionann na tairbhí cainníochtúla ón bpróiseas sonrasctha a uathoibriú agus thart ar EUR 5.28 in aghaidh an ríomhshonraisc a eisítear agus EUR 8.4 in aghaidh an ríomhshonraisc a fhaightear, agus costas an tsaothair in aghaidh na huaire ag EUR 46 á chur san áireamh[26]. Thairis sin, baintear coigilteas níos mó amach nuair a dhéantar timthriall iomlán an ordaithe chun íoc a uathoibriú, lena n-áirítear orduithe, doiciméid iompair, sonraisc, agus fógraí íocaíochta. Trí na próisis sin a uathoibriú, éascaítear malartú comhsheasmhach na ndoiciméad leictreonach agus éascaítear réiteach uathoibrithe, rud a mbeidh tairbhí measta idir EUR 25 agus EUR 65 in aghaidh an timthrialla ceannaigh le híoc mar thoradh air[27].

Comhleanúnachas le beartais eile de chuid an Aontais agus breisluach de chuid an Aontais

Chun tacú le cruthú an Mhargaidh Aonair Dhigitigh le haghaidh ríomhshonrasctha, b'éigean don Treoir a bheith comhleanúnach le gach beartas eile de chuid an Aontais, na beartais sin a dhírítear ar dhigitiú den chuid is mó. Rinneadh comhsheasmhacht na Treorach a mheas ar dhá phríomhleibhéal: comhleanúnachas inmheánach agus seachtrach. Le comhleanúnachas inmheánach scrúdaítear an dóigh a n-oibríonn comhpháirteanna éagsúla d'idirghabháil an Aontais le chéile, agus faoi chomhleanúnachas seachtrach, breathnaítear leis an anailís ar an dóigh a bhfuil an Treoir ailínithe le roinnt tionscnaimh bheartais de chuid an Aontais, idir thionscnaimh reachtacha agus tionscnaimh neamhreachtacha: 2014 Treoracha Soláthair Phoiblí[28], Treoir maidir le hÍocaíocht Dhéanach[29] agus togra 2023 le haghaidh Rialachán lena n-aisghairtear an Treoir reatha maidir le hÍocaíocht Dhéanach[30], tograí reachtacha 2022 CBL sa Ré Dhigiteach (ViDA), an Creat Eorpach Idir-inoibritheachta (CEI)[31], Bloc Tógála Ríomhshonrascta agus Ríomhsheachadta na Saoráide um Chónascadh na hEorpa (SCE)[32] agus obair bheartais an Choimisiúin maidir le gné dhomhanda ríomhshonrasctha agus cur chun cinn shamhail an Aontais.

Maidir leis an gcomhleanúnachas inmheánach, tá an Treoir comhleanúnach leis an obair ina dhiaidh sin ar an gcaighdeán Eorpach i ndáil le ríomhshonrascadh toisc gur comhlíonadh ceanglais uile na Treorach. Ar an gcéad dul síos, iarradh leis an Treoir go gcruthófaí caighdeán Eorpach do shamhail shéimeantach sonraí na gcroígnéithe i sonrasc leictreonach agus liostaíodh liosta de na gnéithe éigeantacha atá le cur san áireamh. Ar an dara dul síos, éilíodh léi líon teoranta comhréireanna agus níor shainaithin CEN ach dhá chomhréir agus foilsíodh iad in 2017 in éineacht leis an gcaighdeán. Ina theannta sin, cruthaíodh treoirlínte neamhcheangailteacha maidir le tarchur ríomhshonrasctha in éineacht leis an gcaighdeán Eorpach chun tuilleadh idir-inoibritheachta a áirithiú. Léiríodh na ceanglais sin go rathúil i dtáirgí insoláthartha CEN, ag deimhniú an chomhleanúnachais idir cuspóirí reachtacha agus forbairt chaighdeánach. Ina

[26] An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht um an Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide, Ciciriello, C., Gray, E., Preparatory study on the effects of the Directive 2014/55/EU on electronic invoicing in public procurement [Staidéar ullmhúcháin ar éifeachtaí na Treorach 2014/55/AE ar ríomhshonrascadh sa soláthar poiblí, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024, https://data.europa.eu/doi/10.2873/27631

[27] https://www.corrierecomunicazioni.it/digital-economy/polimi-da-fattura-elettronica-risparmi-per-3-miliardi/

[28] Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí áirithe oibreacha, conarthaí soláthair agus conarthaí seirbhíse ag údaráis chonarthacha nó ag eintitis i réimsí na cosanta agus na slándála a chomhordú, agus lena leasaítear Treoracha 2004/17/CE agus 2004/18/CE.
Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain Téacs atá ábhartha maidir le LEE
Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE
Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar a dhéanann eintitis a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE

[29] Treoir 2011/7/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 maidir le cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála (athmhúnlú), IO L 48, 23.2.2011, lch. 1–10.

[30] Togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála. https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/HTML/?uri=CELEX:52023PC0533(01)

[31] https://ec.europa.eu/isa2/eif_en/

[32] https://joinup.ec.europa.eu/collection/digital-building-blocks/solution/edelivery/about

theannta sin, áirithítear comhsheasmhacht leis an obair chaighdeánaithe atá á déanamh ag CEN TC434 a mhéid a bhaineann le ríomh-admháil. Maidir le bunú agus obair an Fhóraim Eorpaigh Ilpháirtithe Leasmhara maidir le Ríomhshonrascadh (EMSFEI) chun tacú le hobair bheartais an Aontais maidir le ríomhshonrascadh, idir 2014 agus 2020, chomhlánaigh agus thacaigh táirgí insoláthartha uile EMSFEI le cur chun feidhme an chaighdeáin Eorpaigh, agus tugadh aghaidh leo ar dhúshláin idir-inoibritheachta a d'fhéadfadh a bheith ann.

Maidir le comhleanúnachas seachtrach, tá an Treoir ailínithe go maith le beartais éagsúla de chuid an Aontais lena gcuirtear digitiú an tsoláthair phoiblí agus gníomhaíochtaí gaolmhara chun cinn. Tá an Treoir ag teacht le Treoracha Soláthair Phoiblí 2014, ar cuid chomhtháite den phacáiste reachtach í maidir le féachaint leis an gcuspóir céanna a bhaint amach maidir leis an riarachán poiblí a dhigitiú ar bhealach comhchuibhithe, agus tá sí ag teacht freisin leis na cuspóirí um chaighdeánú soláthair phoiblí.

Tá nasc láidir idir an Treoir agus tograí reachtacha an Choimisiúin um CBL sa Ré Dhigiteach (ViDA)[33] a mhéid a bhaineann le ról ríomhshonrasctha. Is é is aidhm don togra córas CBL an Aontais a nuachóiriú, ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin a bhaineann le geilleagar na n-ardán agus clárú aonair CBL a thabhairt isteach chun ilchlárúcháin laistigh den Aontas a sheachaint. Ina theannta sin, cuirfear córas tuairiscithe chun feidhme leis le haghaidh CBL le haghaidh idirbhearta trasteorann an Aontais, a bheidh bunaithe ar ríomhshonrascadh agus ar an gcaighdeán Eorpach i ndáil le ríomhshonrascadh, agus ceanglófar leis ar na Ballstáit ar mian leo córas tuairiscithe CBL a chur i bhfeidhm le haghaidh idirbhearta intíre é a bhunú ar ríomhshonrascadh freisin. Mar chuid den togra, beidh ríomhshonrascadh ina mhodh sonrasctha réamhshocraithe faoi Eanáir 2028.

Áirithítear an comhleanúnachas idir an Treoir agus ViDA leis na dréacht-tograí reachtacha reatha, atá faoi réir éabhlóide le linn an phróisis glactha, áfach. Soláthraíonn deis leis na tograí ViDA chun ailíniú a áirithiú ar shainmhíniú an Aontais ar shonrascadh leictreonach sa reachtaíocht CBL agus sa Treoir. Tá sainmhíniú nua an ViDA ar shonrascadh leictreonach comhsheasmhach leis an sainmhíniú a áirítear sa Treoir. Áirithítear leis an ailíniú sin comhleanúnachas ar fud bheartais éagsúla an Aontais agus éascaítear leis cur chun feidhme rianúil na dtionscnamh ríomhshonrasctha laistigh den Aontas.

Ina theannta sin, dírítear an Treoir go sonrach ar ríomhshonrascadh B2G agus tá a príomhlínte reatha ailínithe le togra ViDA, a dhíríonn ar ríomhshonrascadh B2B. Ar deireadh, comhlánaíonn tograí ViDA an Treoir maidir le ríomhshonrascadh, go háirithe maidir le comhchuibhiú agus idir-inoibritheacht a áirithiú i ríomhshonrascadh trasteorann in idirbhearta B2G agus B2B, lena n-éascaítear laghdú a dhéanamh ar an ualach riaracháin, agus cóineasú a chothú i dtreo an chaighdeáin Eorpaigh i ndáil le ríomhshonrascadh, mar a cuireadh i dtábhacht freisin i bPlean Rolla 2023 maidir le caighdeánú TFC[34].

Tá cur chun feidhme ríomhshonrasctha agus na Treorach comhleanúnach le forálacha na Treorach athbhreithnithe maidir le hÍocaíocht Dhéanach agus togra 2023 le haghaidh Rialachán lena n-aisghairtear an Treoir reatha maidir le hÍocaíocht Dhéanach, toisc go n-uathoibrítear leis an próiseas formheasa le haghaidh ríomhshonrasc, rud a chomhchuibhíonn nósanna imeachta íocaíochta agus a áirithíonn íocaíochtaí tráthúla.

A mhéid a bhaineann leis an gCreat Eorpach Idir-inoibritheachta (CEI), tugtar aghaidh go

[33] COM/2022/701 final, Togra le haghaidh TREOIR ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL don ré dhigiteach, 8.12.2022. https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=COM%3A2022%3A701%3AFIN
[34] e-Invoicing (RP2023) | Joinup (europa.eu)

héifeachtach leis an Treoir maidir le ríomhshonrascadh ar idir-inoibritheacht ag na sraitheanna séimeantacha agus comhréire araon, de réir mar a thuartar le CEI. Níor tugadh aghaidh leis, áfach, ar na ceithre shraith idir-inoibritheachta go léir, lena n-áirítear tarchur agus rialachas, rud a d'éascódh an idir-inoibritheacht tuilleadh.

Forbraíodh an Bloc Tógála Ríomhsheachadta ag an am céanna agus ar bhealach comhsheasmhach leis an bpacáiste seirbhísí an Bhloic Tógála Ríomhshonrasctha faoi SCE. Cé gur cuireadh uirlisí riachtanacha ar fáil leis an mBloc Tógála Ríomhshonrasctha chun cur chun feidhme comhlíontach an chaighdeáin Eorpaigh i ndáil le ríomhshonrascadh i gcórais agus i seirbhísí TF a éascú agus a bhailíochtú, soláthraíodh leis an mBloc Foirgníochta Ríomhsheachadta sonraíochtaí agus caighdeáin theicniúla, bogearraí insuiteáilte, agus seirbhísí coimhdeacha chun líonra nód a chruthú chun ríomhshonraisc a mhalartú, chomh maith le malartuithe slána sonraí digiteacha eile. Úsáid ríomhsheachadadh i roinnt réitigh ríomhshonrasctha mar mhodh tarchurtha.

Ina theannta sin, tá na gníomhaíochtaí reatha a dhéanann an Coimisiún lena chomhpháirtithe idirnáisiúnta comhleanúnach leis an Treoir, san idirbheartaíocht fhoirmiúil agus le linn idirphlé déthaobhach araon. Glacadh le samhail PINT an Aontais (Peppol-bhunaithe) i roinnt tíortha lasmuigh den Aontais, lena n-áirítear an Astráil, an tSeapáin, an Mhalaeisia, an Nua-Shéalainn, agus Singeapór. A mhéid a bhaineann le SAM, baineann méid suntasach comhoiriúnachta leis na creataí malartaithe ríomhshonrasctha san Aontas agus sna Stáit Aontaithe. Rinneadh próifílí SAM den ríomhshonrascadh a shamhaltú de réir an chaighdeáin Eorpaigh ar bhealach fiúntach chun ardleibhéal ailínithe a áirithiú chun tacú le hidir-inoibritheacht agus riachtanais mhargadh gnó na Stát Aontaithe á gcomhlíonadh. Mar an gcéanna, chuir an Téaváin agus an tAontas tús le hidirphlé rialála maidir le ríomhshonrascadh i mí Iúil 2023.

Ar deireadh, tá an Treoir ag teacht leis an mbeartas Eorpach um chaighdeánú foriomlán trí thacú le forbairt agus cothabháil an chaighdeáin Eorpaigh i ndáil le ríomhshonrascadh, arna mhaoiniú ag an gCoimisiún.

A mhéid a bhaineann le breisluach an Aontais, tá comhdhearcadh leathan i measc Bhallstáit an Aontais go bhfuil feabhas tagtha ar fheidhmiú an Mhargaidh Inmheánaigh a bhuí leis an Treoir ó glacadh í in 2014.

Ó dhearcadh na n-údarás náisiúnta de, baineann príomhchuidiú an Aontais leis na bacainní ar sholáthar poiblí trasteorann a laghdú, trí theorainn a chur le teacht chun cinn caighdeán náisiúnta ríomhshonrasctha éagsúla. Leis an Treoir, ceanglaíodh ar riaracháin phoiblí ar fud an Aontais Eorpaigh ríomhshonraisc a eisíodh faoi chonarthaí atá faoi réir threoracha an Aontais maidir le Soláthar Poiblí a ghlacadh agus a phróiseáil, ar choinníoll go gcomhlíonann siad an caighdeán Eorpach i ndáil le ríomhshonrascadh. Ní hamháin gur cuireadh cosc leis an ngníomhaíocht sin arna spreagadh leis an Treoir ar ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh ach cothaíodh léi idir-inoibritheacht ríomhshonrasctha ar fud an Aontais freisin.

Seachas a tionchar láithreach laistigh de réimse an tsoláthair phoiblí, bhí ról lárnach ag an Treoir maidir le tuilleadh comhchuibhithe ar réitigh agus leaganacha amach ríomhshonrasctha a chur chun cinn i gcomhthéacs B2B. Trí bhunús comhchoiteann a shuí le haghaidh caighdeáin agus cleachtais ríomhshonrasctha laistigh den Aontas, spreagadh leis an Treoir forbairtí in B2B, i gcás ina n-athúsáidfear caighdeán an Aontais faoi thograí ViDA. Chun na críche sin, tá an caighdeán Eorpach i ndáil le ríomhshonrascadh le forbairt chun gach cás úsáide a chumhdach agus chun freastal ar riachtanais earnálacha ar leith. Tá Coiste Teicniúil TC434 CEN freagrach as a áirithiú go mbeidh an caighdeán Eorpach oiriúnach don fheidhm faoi dheireadh 2024.

Ar deireadh, meastar gur gineadh leis an Treoir breisluach idirnáisiúnta trí idir-inoibritheacht dhomhanda a chur chun cinn. Léirítear é sin trí Chreat Idir-inoibritheachta Peppol a ghlacadh lasmuigh den Aontas, lena n-áirítear i dtíortha mar atá an Astráil, an tSeapáin, an Mhalaeisia, an Nua-Shéalainn, agus Singeapór, lena leathnaítear tionchair dhearfacha na Treorach tuilleadh.

CONCLÚIDÍ

Faoin Treoir, baineadh méid suntasach amach i dtreo fáil réidh le bacainní ar an Margadh Inmheánach agus le bacainní ar thrádáil a eascraíonn as rialacha agus caighdeáin náisiúnta éagsúla ríomhshonrasctha a bheith ann.

Ar an gcúis sin, measadh go raibh tionchar na Treorach dearfach i bhfianaise a héifeachtaí ó thaobh idir-inoibritheacht trasteorann agus ghlacadh ríomhshonrasctha sa soláthar poiblí. Feabhsaíodh príomhthionchar ionchais na Treorach - idir-inoibritheacht, toisc gur gá do gach ceannaitheoir poiblí glacadh le ríomhshonraisc a chomhlíonann an Caighdeán Eorpach i ndáil le ríomhshonrascadh. Bhí an dara héifeacht a rabhthas ag súil léi mar toradh air sin, is é sin glacadh méadaithe le ríomhshonrascadh.

Thacaigh idirghabháil an Aontais maidir le ríomhshonrascadh le haghaidh soláthar poiblí le comhchuibhiú agus le hidir-inoibritheacht ar fud na gceanglas agus na gcaighdeán teicniúil, rud a chuir cosc ar ilroinnt bhreise laistigh den Mhargadh Inmheánach. Baineadh idir-inoibritheacht amach ar an leibéal séimeantach agus ar an leibhéal comhréire trí Chaighdeán Eorpach i ndáil le ríomhshonrascadh a chruthú. Léiríodh le cur chun feidhme na Treorach ag na Ballstáit, áfach, go raibh sé ina ghné ríthábhachtach d'idir-inoibritheacht iomlán aghaidh a thabhairt ar an idir-inoibritheacht ar an leibhéal tarchurtha.

Ba é an méadú ar ghlacadh ríomhshonrasctha san Eoraip an dara tionchar a rabhthas ag súil leis ón Treoir. Bhíothas ag súil go ndéanfaí méadú suntasach le hinfhaighteacht an chaighdeáin Eorpaigh agus leis an oibleagáid chun glacadh le ríomhshonraisc chomhlíontacha ar údaráis phoiblí ar ghlacadh ríomhshonrasctha, ag brath ar chinntí gnó, áfach. Maidir le soláthar poiblí, léiríodh leis na torthaí nach féidir 100 % de ghlacadh ríomhshonrasctha a bhaint amach (nó nach mbainfear amach é) ach amháin sna Ballstáit a thug sainordú maidir le ríomhshonrascadh B2G dá soláthróirí nó i mBallstáit atá aibí go digiteach. Tá méadú tagtha ar ghlacadh ríomhshonrasctha go ginearálta ach ní hionann é agus tromlach na n-idirbheart go fóill.

Tríd is tríd, tá luach suntasach soláthartha leis an Treoir maidir le ríomhshonrascadh ar leibhéal an Aontais ach tá dúshláin ann fós. Dá bhrí sin, tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun glacadh ríomhshonrasctha laistigh den Aontas a spreagadh, agus chun idir-inoibritheacht a chothú.